AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.7.2022
COM(2022) 357 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le creat faireacháin an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol: Dul chun cinn i dtreo bhaint amach cuspóirí tosaíochta 2030 agus 2050 an Chláir a thomhas**

## 1. Réamhrá

Is é is aidhm don 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (8ú CGC)[1] go dtí 2030 dlús a chur leis an aistriú glas agus gníomhaíocht chinntitheach a áirithiú chun an comhshaol a chosaint agus a athbhunú. Ó bhí 1973 ann, tá forbairt agus comhordú bheartas comhshaoil an Aontais á dtreorú ag cláir ghníomhaíochta chomhshaoil ghinearálta, lenar soláthraíodh an creat maidir le gníomhaíocht comhshaoil agus aeráide an Aontais agus na mBallstát. Cuireann an 8ú CGC le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[2], arb é atá ann straitéis fáis an Aontais chun geilleagar ciorclach aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní, neamhthocsaineach, athléimneach agus iomaíoch a bhaint amach ar bhealach cóir cuimsitheach. Tá an clár fíorthábhachtach freisin chun na cuspóirí comhshaoil agus aeráide faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a bhaint amach mar aon lena spriocanna forbartha inbhuanaithe agus a chomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil agus aeráide.

I bhfianaise sraith géarchéimeanna eacnamaíocha geopholaitiúla atá dúshlánach, lena n-áirítear fogha na Rúise faoin Úcráin, leis an 8ú CGC, léirítear tiomantas an Aontais agus na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna aeráide, bithéagsúlachta agus truaillithe agus chun an tAontas a dhéanamh níos athléimní in aghaidh suaití a bheidh ann amach anseo. Leis an 8ú CGC, leagtar síos cuspóir tosaíochta fadtéarmach le haghaidh 2050 *chun an saol a bheith ar a mian ag na saoránaigh, faoi shrianta an phláinéid*, agus sé chuspóir tosaíochta théamacha. Cuimsítear leis, freisin, creat uaillmhianach 34 'choinníoll cumasúcháin' lena mbainfear na cuspóirí sin amach i gcomhréir le mionn EGD 'gan dochar a dhéanamh' agus aistriú cóir cothrom nach bhfágann duine ar lár[3].

**Cuspóir tosaíochta 2050 an 8ú CGC***: 'Faoi 2050 ar a dhéanaí, go mbeidh an saol ar a mian ag na saoránaigh, faoi shrianta an phláinéid i ngeilleagar na dea-bhaile nach gcuirtear aon rud amú ann, ina bhfuil an fás athghiniúnach, ina mbainfear amach aeráidneodracht san Aontas agus ina bhfuil laghdú suntasach tagtha ar neamh-chomhionannais. Tá comhshaol sláintiúil mar thaca le folláine gach duine agus is timpeallacht é ina gcaomhnaítear an bhithéagsúlacht, ina mbíonn rath ar éiceachórais, ina ndéantar an dúlra a chosaint agus a athbhunú, rud atá ina chúis le hathléimneacht mhéadaithe in aghaidh an athraithe aeráide, tubaistí a bhaineann leis an aimsir agus leis an aeráid agus rioscaí comhshaoil eile. Socraíonn an tAontas an luas chun rathúnas na nglúnta atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht a áirithiú ar fud an domhain, faoi threoir na freagrachta idirghlúine.'*

Tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar na príomhthreochtaí ar bhealach comhleanúnach leis na táscairí cearta chun a áirithiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an Aontas i dtreo a chuspóirí comhshaoil agus aeráide. Chun tacú le cur chuige comhtháite agus é a neartú, leis an 8ú CGC, cuirtear sásra rialachais ar bun agus cuirtear de chúram ar an gCoimisiún creat faireacháin nua a bhunú chun dul chun cinn i dtreo a chuspóirí tosaíochta a thomhas - creat faireacháin an 8ú CGC. Is ar líon teoranta **táscairí ceannlíne** a bheidh an creat faireacháin le bunú, lena n-áirítear táscairí córasacha maidir leis na naisc idir na gnéithe comhshaoil agus sóisialta agus an geilleagar,

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (an 8ú CGC).

[2] COM(2019) 640 final.

[3] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, COM(2021) 801 final.

lena gcumasaítear don Aontas dul chun cinn i dtreo an aistrithe ghlais a rianú agus maoirseacht pholaitiúil straitéiseach ardleibhéil a thabhairt. Cuirtear de chúram ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar agus chun gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a leagan amach.

## 2. Gnéithe ginearálta de chreat faireacháin an 8ú CGC

Is éard atá i gceist le sásra rialachais an 8ú CGC faireachán, measúnú agus tuairisciú bliantúil ón gCoimisiún ar an dul chun cinn i dtreo sé chuspóir tosaíochta an chláir, agus na coinníollacha cumasúcháin agus an sprioc fhoriomlán maidir le hathrú sistéamach a bhaint amach á gcur san áireamh. Tá an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), a bhfuil creat táscairí maidir le ceimiceáin á fhorbairt aici, le tacú leis an gCoimisiún,.

Tá táscaire ceannlíne an 8ú CGC i gcroílár an tsásra rialachais. Faoi Airteagal 4(3) den Chinneadh maidir leis an gClár, ní mór do na táscairí cur leis na sonraí atá ann faoi láthair chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus chun na forbairtí is déanaí ,a mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht agus ábharthacht sonraí agus táscairí, a léiriú. Thairis sin, ní mór an creat faireacháin a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht lena gcumasaítear don Choimisiún an fad a rianú chuig spriocanna a bhaineann le cuspóirí tosaíochta a bhaint amach. I gcás ina leagtar síos i reachtaíocht an Aontais spriocanna AE atá ceangailteach ó thaobh dlí, roghnaíodh na táscairí atá mar bhonn taca leo chun faireachán a dhéanamh ar chuspóirí ábhartha an chláir agus ar choinníollacha cumasúcháin. Mar shampla, tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir le sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ó na leibhéil a bhí ann in 1990, arna dtomhas i dtonaí de choibhéis CO2, faoi 2030. I gcás inarb ann do cheanglais dhlíthiúla ghinearálta nó spriocanna agus cuspóirí uaillmhianacha, ba cheart táscairí lena dtomhaistear dul chun cinn sa treo inmhianaithe a úsáid. Mar shampla, léirítear leis an *dramhaíl iomlán a ghintear* iarrachtaí chun ord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm agus an dramhaíl a laghdú go suntasach faoi 2030 dá bhrí sin; Léirítear leis an *sciar den chánachas comhshaoil in ioncam iomlán cánach* an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as.

Le cuspóirí 2030 an 8ú CGC agus le fís 2050, ceanglaítear táscairí lena dtomhaistear torthaí fadtéarmacha san Aontas agus sna Ballstáit (táscairí 'tionchair' nó 'toraidh')[4]. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, áirítear táscairí lena ndírítear ar ghníomhaíochtaí a rinneadh (táscairí 'aschuir'), i gcás ina bhfuil ábharthacht láidir beartais ann nó ina bhfuil nasc leis an sprioc chomhaontaithe. Sampla de na táscairí sin is ea an táscaire maidir le *limistéir faoi chosaint*, i bhfianaise an naisc atá aige leis an sprioc 30 % den limistéar talún agus mara a chosaint faoi 2030.

Is éard atá i gceist le creat faireacháin an 8ú CGC táscairí ceannlíne roghnaithe chun achoimre pholaitiúil ardleibhéil a sholáthar. Cuireann an creat faireacháin le huirlisí faireacháin a bhaineann leis an earnáil go sonrach chun comhleanúnachas a áirithiú agus chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú. Áirítear sna huirlisí sin rialachas an Aontais Fuinnimh agus na gníomhaíochta aeráide[5],

---

[4] COM 'Better regulation toolbox [Bosca uirlisí um rialáil níos fearr]', Samhain 2021 leagan, lch. 358.

[5] Rialachán (AE) 2018/1999 an 11 Nollaig 2018.

an creat faireacháin don gheilleagar ciorclach, creat faireacháin bithéagsúlachta an Aontais[6], creat faireacháin bithgheilleagair an Aontais[7] agus an creat faireacháin truaillithe nialasaigh[8] a bheidh ann amach anseo. Déanfaidh sé na léargais ón athbhreithniú ar chur chun feidhme an bheartais comhshaoil[9] a chur san áireamh freisin.

Tacóidh comhaontú ginearálta maidir le táscairí ceannlíne comhshaoil le teachtaireachtaí comhleanúnacha maidir le tuairisciú ar bheartais chomhshaoil agus aeráide ó dhearcadh níos leithne, amhail:

- 'uirlis amharcléirithe an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip', lena gcumhdaítear gnéithe digiteacha agus gnéithe cothroime freisin[10]
- tuarascálacha bliantúla an Aontais ar dhul chun cinn maidir le gach ceann de na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe[11]
- measúnú iomlánaíoch na deaise athléimneachta maidir le hathléimneacht san Aontas agus ina Bhallstáit[12]
- innéacs feidhmíochta aistrithe lena rangaítear an dul chun cinn atá déanta ag 45 thír maidir le ceithre ghné de na haistrithe inbhuanaithe[13]
- an Seimeastar Eorpach, lena soláthraítear tuairisciú ar spriocanna forbartha inbhuanaithe ar fud na mBallstát[14] chomh maith leis an mbéim atá aige ar chomhordú leathan an bheartais eacnamaíoch agus fostaíochta, agus
- na Táscairí Ilchodacha & an uirlis idirghníomhach Forléargas Scórchlár[15] ina bhfuil os cionn 100 beart ilghnéitheach.

Tá creat faireacháin an 8ú CGC i gcomhréir leis an tuarascáil deiridh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus lena tograí i réimse an athraithe aeráide agus an chomhshaoil[16].

## 3. Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

D'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairleach maidir leis an gcur chuige agus an ailtireacht atá beartaithe le haghaidh creat faireacháin an 8ú CGC an 17 Feabhra 2021, inar leagadh amach na

---

6 Deais agus lorgaire gníomhaíochta straitéis bhithéagsúlachta an Aontais: https://dopa.jrc.ec.europa.eu/kcbd/dashboard/.
7 Deaiseanna Ábhartha: https://knowledge4policy.ec.europa.eu/visualisation/eu-bioeconomy-monitoring-system-dashboards_en; https://knowledge4policy.ec.europa.eu/biodiversity/topic/eu-biodiversity-strategy-actions-tracker_en.
8 COM(2021) 400 final agus Doiciméad Inmheánach Oibre (2021) 141.
9 COM(2019) 149 final.
10 https://ec.europa.eu/eurostat/cache/egd-statistics/.
11 https://ec.europa.eu/eurostat/web/sdi
12 https://ec.europa.eu/info/strategy/strategic-planning/strategic-foresight/2020-strategic-foresight-report/resilience-dashboards_ga
13 https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/strategy/support-policy-making/support-national-research-and-innovation-policy-making/transitions-performance-index-tpi_ga
14 https://ec.europa.eu/eurostat/cache/infographs/sdg-country-overview/
15 https://composite-indicators.jrc.ec.europa.eu/explorer
16 https://futureu.europa.eu/pages/reporting

tacair táscairí atá ann faoi láthair agus na prionsabail a úsáidtear chun roghnú na dtáscairí ceannlíne a threorú. Ba é an páipéar sin, mar aon le nóta comhlántach an 14 Iúil 2021[17] ina raibh an chéad togra le haghaidh táscairí ceannlíne, a bhí mar bhonn leis na comhairliúcháin a rinneadh ó mí Iúil 2021 go dtí mí Eanáir 2022. D'eagraigh an Coimisiún ceardlann le haghaidh na mBallstát agus ceardlann le haghaidh páirtithe leasmhara i bhfómhar 2021 chun an tacar táscairí atá beartaithe a phlé. Tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil maidir leis an 8ú CGC, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar liosta na dtáscairí ceannlíne i gcomhréir leis an aiseolas a fuarthas agus chuaigh sé i gcomhairle leis na Ballstáit arís maidir leis an liosta athbhreithnithe sin.

Leis an gcomhairliúchán, éascaíodh mionscrúdú ar tháscairí laistigh de réimsí téamacha sonracha agus uirlisí faireacháin a bhaineann leis an earnáil go sonrach. Threoraigh sé rogha na dtáscairí ceannlíne mar bhonn leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus chuidigh sé le bearnaí táscairí a shainaithint, agus comhaontaíodh áitchoinneálaithe le haghaidh réimsí nach bhfuil táscaire réidh lena n-úsáid go fóill nó nach bhfuil sonraí bliantúla ar fáil ina leith. Sainaithníodh gá le táscairí breise le haghaidh na ngrinnscrúduithe níos doimhne in 2024 agus 2029 (féach Roinn 5) agus úsáidfear táscairí nár cuireadh ar an liosta deiridh chun na críche sin.

Sainaithníodh táscairí áirithe go pras, cuir i gcás iad siúd lena dtomhaistear astaíochtaí gás ceaptha teasa[18] agus feirmeoireacht orgánach, mar tháscairí ceannlíne bunaithe ar an gcomhdhearcadh forleathan a d'eascair as na comhairliúcháin. I gcás réimsí amhail truailliú nialasach, b'éigean roghanna a dhéanamh. Is fearr a léiríonn na táscairí a roghnaíodh cineál sistéamach na ndúshlán agus na mbeartas comhshaoil agus aeráide, agus leanfar de mheasúnú a dhéanamh ar réimsí sonracha trí úsáid a bhaint as roinnt uirlisí faireacháin spriocdhírithe. Áiríodh caibidil ar leith ar fhís iomlánaíoch 2050 agus ar na táscairí a bhaineann le roinnt cuspóirí tosaíochta nó príomhthionscnamh. Mar shampla, léirítear leis an táscaire maidir le lorg amhábhair na brúnna comhshaoil domhanda a bhaineann le tomhaltas an Aontais.

Iarradh go láidir freisin gné shláinte an éiceachórais a neartú. Dá bhrí sin, áiríodh trí tháscaire ceannlíne sa chaibidil maidir leis an mbithéagsúlacht chun dul chun cinn a thomhas i dtreo an chuspóra an bhithéagsúlacht a stopadh agus a aisiompú i dtéarmaí speiceas agus éiceachóras aonair araon. Thairis sin, sa chaibidil maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, tugadh tús áite don táscaire maidir le tionchar an triomaigh ar éiceachórais thar an táscaire maidir le rioscaí triomaigh. Anuas air sin, áiríodh táscaire maidir le tógáil talún sa chaibidil thrasearnálach maidir le fís 2050.

I gcás réimsí áirithe, thángthas ar chomhaontú táscairí ionadacha a úsáid. Mar shampla, i gcás truailliú nialasach, roghnaíodh méid na níotráití i screamhuisce mar tháscaire maidir le huisce glan, cé nach ndéantar é a nuashonrú go bliantúil. Cé nach ndéanann sé an laghdú ar chaillteanais chothaitheacha a chainníochtú, léiríonn sé tionchar na gcaillteanas sin ar cháilíocht an uisce agus tugann léiriú maith ar chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais maidir le laghdú cothaitheach. Maidir leis an mbithéagsúlacht, is fearr a léiríonn innéacs na n-éan coiteann an meath ar dhaonra éan

[17] https://ec.europa.eu/environment/news/8th-environment-action-programme-commission-consults-monitoring-framework-headline-indicators-2021-07-19_en.

[18] Úsáidtear na táscairí sin faoi shásraí faireacháin aeráide an Aontais lena leagtar síos rialacha tuairiscithe inmheánacha an Aontais atá bunaithe ar oibleagáidí a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta.

feirme, de dheasca diansaothrú talmhaíochta go príomha. Maidir le hathchóiriú agus cosaint éiceachórais[19], baineann na táscairí is oiriúnaí a sainaithníodh le *limistéir faoi chosaint* agus le *nascacht foraoise*. Úsáidtear táscairí ionadacha comhchosúla freisin maidir le brúnna comhshaoil i gcórais chasta. Mar shampla, i gcás córas fuinnimh inbhuanaithe, rinneadh cinneadh sa chomhairliúchán maidir le meascán de dhá tháscaire: *tomhaltas fuinnimh* agus *fuinneamh in-athnuaite*.

Ar deireadh, i gcás líon teoranta réimsí nach bhfuil táscairí ar fáil go fóill ina leith ach a bhfuil ábhartha ó thaobh beartais de go háirithe, bhí sé de rogha tagairt a dhéanamh d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo (i gcás fóirdheontas do bhreoslaí iontaise) nó áitchoinneálaí a áireamh (neamh-chomhionannais comhshaoil) (féach Roinn 5).

## 4. Táscairí ceannlíne a roghnaíodh

Leis an tacar táscairí ceannlíne, leantar struchtúr an 8ú CGC agus áirítear 26 tháscaire ann. Déantar faireachán ar gach cuspóir tosaíochta sonrach le dhá tháscaire, seachas an bhithéagsúlacht, lena n-úsáidtear trí tháscaire. Áirítear cúig tháscaire an ceann maidir le brúnna comhshaoil, na coinníollacha cumasúcháin agus cuspóir tosaíochta fadtéarmach 2050.

| **TÁSCAIRE** | **SPRIOC** | **FOINSE[20]** |
|---|---|---|
| **Maolú ar an athrú aeráide** *(Airteagal 2(2)(a))* | | |
| **1. Astaíochtaí gás ceaptha teasa** (GCT, innéacs 1990=100, tonaí de choibhéis $CO_2$) | Aeráidneodracht: astaíochtaí GCT a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 ó na leibhéil a bhí ann in 1990[21] | LEE |
| **2. Astaíochtaí GCT ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht** (LULUCF[22], tonaí de choibhéis $C0_2$) | Aeráidneodracht: glanaistrithe GCT a mhéadú trí linnte carbóin ó earnáil LULUCF go -310 milliúin tonaí de choibhéis $C0_2$ faoi 2030[23] | LEE |
| **Oiriúnú don athrú aeráide** *(Airteagal 2(2)(b))* | | |
| **3. Caillteanais eacnamaíocha a bhaineann leis an aeráid** (in EUR billiún) | Tionchar eacnamaíoch an athraithe aeráide: caillteanais airgeadaíochta fhoriomlána de dheasca na haimsire agus teagmhais a bhaineann leis an aeráid a laghdú | LEE[24] |

[19] Obair atá ar siúl faoi fhaireachán agus measúnú ar sheirbhísí éiceachórais (Éiceachórais agus a seirbhísí a mhapáil agus a mheasúnú). Tá modheolaíocht an Aontais chun dálaí an éiceachórais a mhapáil agus a mheasúnú dlite faoi dheireadh 2022, bunaithe ar chaighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta ó chóras cuntasaíochta comhshaoil na Náisiún Aontaithe.

[20] An eagraíocht atá freagrach as bailiú sonraí agus modheolaíocht.

[21] Rialachán (AE) 2021/1119 an 30 Meitheamh 2021 (an Dlí Aeráide Eorpach).

[22] Úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht.

[23] COM(2021) 554 final (Rialachán LULUCF).

[24] Bunaithe ar shonraí ó CATDAT ó RiskLayer.

| | | |
|---|---|---|
| **4. Tionchar an triomaithe ar éiceachórais** (an limistéar a ndéantar difear dó in aghaidh an chiliméadair chearnaigh) | Athléimneacht an éiceachórais: an limistéar a ndéantar difear dó le triomú agus caillteanas táirgiúlachta fásra a laghdú | LEE |
| **Geilleagar ciorclach áthghiniúnach** *(Airteagal 2(2)(c))* | | |
| 5. Tomhaltas amhábhair (tonaí *per capita*) | Lorg amhábhair: lorg amhábhair an Aontais a laghdú go mór[25], tríd an méid amhábhair atá ag teastáil chun táirgí a thomhlaítear san Aontas a tháirgeadh a laghdú | Eurostat |
| **6. An dramhaíl iomlán a ghintear** (kg *per capita*) | Dramhaíl a chosc: méid iomlán na dramhaíola a ghintear a laghdú go mór faoi 2030[26] | Eurostat |
| **Truailliú nialasach agus timpeallacht atá saor ó thocsainí** *(Airteagal 2(2)(d))* | | |
| **7. Básanna anabaí de dheasca nochtadh do mhínábhar cáithníneach** (PM2.5) (líon na mbásanna anabaí) | Tionchar an chomhshaoil ar an tsláinte: básanna anabaí ó thruailliú aeir a laghdú 55 % (ó na leibhéil a bhí ann in 2005) faoi 2030[27] | LEE |
| **8. Níotráití i screamhuisce** (mg $NO_3$/l agus % stáisiún faireacháin ag a bhfuil luach os cionn 50 mg $NO_3$/l) | Uisce glan: caillteanais chothaitheacha a laghdú 50 % ar a laghad in acmhainní sábháilte screamhuisce | LEE[28] |
| **An bhithéagsúlacht agus éiceachórais** (*Airteagal 2(2)(e))* | | |
| **9. Limistéir ainmnithe talún agus mhuirí faoi chosaint**[29] (% den limistéar iomlán) | Cosaint an dúlra: 30 % ar a laghad de limistéar talún an Aontais agus 30 % ar a laghad de limistéar farraige an Aontais a chosaint go dlíthiúil faoi 2030[30] | LEE |
| **10. Innéacs na n-éan coiteann** (innéacs: 1990 = 100) | Caomhnú na bithéagsúlachta: an meath ar dhaonraí na n-éan coiteann a aisiompú[31] | EBCC/[32] BirdLife/ RSPB/CSO |
| **11. Nascacht foraoise** (0-100 %[33]) | Éiceachórais shláintiúla: an méid nascachta in éiceachórais foraoise a mhéadú, d'fhonn conairí | An tAirmheán Comhpháirteach Taighde |

[25] An 8ú CGC, Airteagal 3(s).

[26] Plean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach, COM(2020) 98 final agus plean gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, COM(2021) 400 final.

[27] ZPAP COM(2021) 400 final.

[28] Déanfar sonraí LEE bliantúla a bhailíochtú leis na sonraí a bhailítear faoin Treoir maidir le Níotráití (foinse sonraí: ENV/JRC) le fáil gach 4 bliana.

[29] Láithreáin arna n-ainmniú go náisiúnta nó láithreáin Natura 2000.

[30] Straitéis bhithéagsúlachta an Aontais.

[31] Straitéis bhithéagsúlachta an Aontais.

[32] EBCC – An Chomhairle um an Daonáireamh Éan Eorpach; RSPB – An Cumann Ríoga um Chosaint Éan; CSO (Cumann na Seice um an Éaneolaíocht)

[33] Nascacht ó gan nasc ar bith (0 %) go nasc iomlán (100 %).

| | | |
|---|---|---|
| | éiceolaíocha a chruthú agus a chomhtháthú[34] agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú | |
| **Brúnna comhshaoil agus aeráide a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas an Aontais** *(Airteagal 2(2)(f))* | | |
| **12. Tomhaltas fuinnimh** (i milliúin tona de choibhéis ola) | Éifeachtúlacht fuinnimh: tomhaltas fuinnimh (príomha agus deiridh) a laghdú 13 % faoi 2030 ar a laghad i gcomparáid le 2020[35] | Eurostat |
| **13. Sciar an fhuinnimh in-athnuaite d'olltomhaltas deiridh fuinnimh (de réir %)**[36] | Fuinneamh inbhuanaithe: [45 %] ar a laghad d'fhuinneamh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh faoi 2030[37] | Eurostat |
| **14. Ráta úsáide ábhair chiorclaigh** (mar chéatadán den úsáid fhoriomlán ábhair) | Tionscal inbhuanaithe: cóimheas an ábhair chiorclaigh a mhéadú faoi dhó faoi 2030 i gcomparáid le 2020[38] | Eurostat |
| **15. Sciar na mbusanna agus na dtraenacha d'iompar paisinéirí intíre** (% den iompar paisinéirí intíre iomlán, arna shloinneadh i gciliméadair paisinéirí) | Soghluaisteacht inbhuanaithe: Sciar na modhanna iompair comhchoiteanna (busanna, cóistí agus traenacha) a mhéadú | Eurostat |
| **16. Limistéar faoi fheirmeoireacht orgánach** (% den limistéar talmhaíochta a úsáidtear le haghaidh feirmeoireachta de réir an chiliméadair chearnaigh) | Talmhaíocht inbhuanaithe: 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais a shaothrú go horgánach faoi 2030[39] | Eurostat |
| **Coinníollacha cumasúcháin** *(Airteagal 3)* | | |
| **17. Sciar na gcánacha comhshaoil den ioncam cánach iomlán** (de réir %) | Is é údar an truaillithe a íocfaidh as: sciar na gcánacha comhshaoil den ioncam iomlán ó chánacha agus ó ranníocaíochtaí sóisialta a mhéadú | Eurostat |
| **18. Fóirdheontais breosla iontaise** | Is é údar an truaillithe a íocfaidh as: táirgí díobhálacha don chomhshaol a laghdú, go | an Coimisiún Eorpach |

34 Straitéis bhithéagsúlachta an Aontais le tagairt do Ghréasán Dúlra Tras-Eorpach agus togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le hathbhunú an dúlra, COM(2022) 304 final an 22.6.2022.

35 Léiríonn an sprioc fógra REPowerEU (COM(2022) 230 final). Faoi réir comhaontú deiridh i dtaca leis an Treoir leasaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (COM (2021) 558 final) agus an sprioc maidir le fuinnimh in-athnuaite faoi réir na Treorach leasaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (COM (2021) 557 final.

36 Lena n-áirítear miondealú de réir fhoinsí an fhuinnimh in-athnuaite.

37 Féach fonóta le haghaidh tháscaire 12, uimhir le cur in oiriúint, faoi réir comhaontú deiridh i dtaca leis an Treoir leasaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (COM (2022) 222 final.

38 Plean Gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach COM(2020) 98 final: 'sna deich mbliana amach romhainn'.

39 Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais agus an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'.

| | | |
|---|---|---|
| (EUR milliún)[40] | háirithe fóirdheontais breosla iontaise, d'fhonn iad a chéimniú amach gan mhoill | |
| **19. Caiteachas maidir le cosaint an chomhshaoil** (EUR billiún agus % OTI) | An t-aistriú a mhaoiniú: caiteachas teaghlach, comhlachtaí corpraithe agus rialtais a mhéadú maidir le truailliú agus díghrádú comhshaoil eile a chosc, a laghdú agus a dhíothú | Eurostat |
| **20. Bannaí glasa** (% de na bannaí iomlána a eisítear) | Infheistíochtaí inbhuanaithe: eisiúint bannaí glasa a mhéadú chun borradh a churfaoi mhaoiniú poiblí agus príobháideach le haghaidh infheistíochtaí glasa | LEE[41] |
| **21. Innéacs éiceanuálaíochta**[42] Feidhmíocht na mBallstát i gcomparáid le meán an Aontais (AE = 100) leis an treocht | Nuálaíocht maidir le hinbhuanaitheacht: éiceanuálaíocht a mhéadú mar spreagadh don aistriú glas | Faireachlann Éiceanuálaío chta |
| **Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta an phláinéid** *(Airteagal 2(1)* | | |
| **22. Tógáil talún** (ciliméadar cearnach in aghaidh na bliana) | Teorainneacha pláinéadacha /úsáid inbhuanaithe talún: gan aon ghlantógáil talún faoi 2050[43] | LEE |
| **23. An t-innéacs saothraithe uisce +**[44] (mar chéatadán) | Teorainneacha pláinéadacha/úsáid inbhuanaithe uisce: ganntanas uisce a laghdú[45] | LEE |
| **24. Lorg tomhaltais**[46] (de réir measúnú saolré) | Tomhaltas inbhuanaithe: lorg tomhaltais an Aontais a laghdú go mór[47], i.e. tionchar comhshaoil an tomhaltais | An tAirmheán Comhpháirte ach Taighde |
| **25. Fostaíocht agus oll-bhreisluach na n-earraí comhshaoil agus earnáil na seirbhísí** (% den gheilleagar iomlán) | Iomaíochas inbhuanaithe: sciartha an gheilleagair ghlais agus na fostaíochta glaise den gheilleagar iomlán a mhéadú[48] | Eurostat |

40 Foilsítear sonraí sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh, COM (2021) 950 final. Ó 2023 ar aghaidh, bunófar sonraí ar thuairisciú na mBallstát a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide.

41 De réir Bloomberg Finance L.P. a úsáidtear i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo aontas na margaí caipitil, (2021) 544 final/2.

42 Féadfar an t-innéacs a ionadú chun riachtanais beartais nua a léiriú.

43 Straitéis ithreach an Aontais do 2030, COM(2021) 699 final.

44 Chun eolas a fháil maidir leis na hearnálacha a chumhdaítear agus an t-am agus an scála spásúil, féach https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/sdg_06_60_esmsip2.htm agus https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/indicators/use-of-freshwater-resources-3/assessment-4

45 Treoir 2000/60/CE (an Treoir Réime maidir le hUisce).

46 Leis an táscaire sin, comhcheanglaítear déine tomhaltais agus tionchair chomhshaoil táirgí ionadaíocha maidir le cúig réimse tomhaltais, lena ndéantar measúnú ar shlabhra soláthair iomlán na dtáirgí (táirgí intíre agus trádáil).

47 An 8ú CGC, Airteagal 3(s) agus an plean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach.

48 Le haghaidh sainmhínithe, féach https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/env_egs_esms.htm

| | | |
|---|---|---|
| **26. ÁITCHOINNEÁLAÍ Neamh-chomhionannais comhshaoil**[49] | Folláine comhshaoil: neamh-chomhionannais comhshaoil a laghdú agus aistriú cothrom a áirithiú | |

## 5. Bearnaí táscairí a dhúnadh

Léiríodh sna comhairliúcháin roinnt bearnaí faireacháin maidir le táscairí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach maidir le ceapadh beartas comhshaoil agus aeráide sna blianta amach romhainn. Mar shampla, níl aon táscaire oiriúnach go fóill chun faireachán a dhéanamh ar éiceachórais shláintiúla agus ar ithreacha sláintiúla nó ar úsáid inbhuanaithe ceimiceán. Cé go mbailítear sonraí faireacháin in go leor réimsí, ní áirítear roinnt sonraí bliantúla ar leibhéal an Aontais i roinnt ceanglas tuairiscithe atá ann faoi láthair, e.g. ní dhéantar sonraí maidir le bruscar muirí nó ceimiceáin in uisce a thuairisciú leis an Aontas Eorpach ach gach 6 bliana. Tabharfar aghaidh ar an scrogall sin trí reachtaíocht atá ann faoi láthair a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus chun spásanna sonraí oscailte a chur chun cinn i mbeartais an Aontais[50].

Áirítear san 8ú CGC táscairí sistéamacha lena dtugtar aghaidh ar an nasc idir an comhshaol agus an tsochaí agus an nasc idir an comhshaol agus an geilleagar. Maidir le neamh-chomhionannais comhshaoil, áirítear áitchoinneálaí agus táscaire lena nasctar nochtadh le truailliú aeir leis an leibhéal ioncaim á fhorbairt ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil. Is cuid é sin d'iarracht níos leithne chun cothroime comhshaoil a thomhas agus neamhchosaint grúpaí atá i mbaol imeallaithe shocheacnamaíoch a nascadh le rioscaí comhshaoil agus sláinte. Maidir le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol, tá gníomh cur chun feidhme á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide[51], lena n-áireofar tuairisciú ar dheireadh a chur le húsáid na bhfóirdheontas fuinnimh de réir a chéile, go háirithe breoslaí iontaise. In 2022, thosaigh Eurostat ag bailiú sonraí ó na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bhaineann le 'fóirdheontais comhshaoil a bheith díobhálach'. Maidir leis an nasc idir an comhshaol agus an geilleagar, is ann do bhearnaí go fóill sna táscairí chun measúnú a dhéanamh ar na tairbhí maicreacnamaíocha a bhaineann le héagsúlacht éiceachóras, na rioscaí a eascraíonn as scriosadh éiceachórais, costas na dtruailleán nach gáis ceaptha teasa iad agus na tairbhí socheacnamaíocha foriomlána agus na gnéithe dáileacháin a bhaineann leis an aistriú i dtreo na hinbhuaine comhshaoil.

Déanfar táscairí áirithe nár roghnaíodh mar tháscairí ceannlíne a úsáid le haghaidh an dá ghrinnmheasúnú atá beartaithe in 2024 agus 2029. Mar shampla, d'fhéadfadh sonraí maidir le caillteanais daoine a bhaineann leis an aeráid cuidiú léargas níos leithne a thabhairt agus measúnú á dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo oiriúnú don athrú aeráide. Baineann an céanna le hacmhainneacht *carbóin orgánaigh san ithir* maidir le hathbhunú dúlra, *sciar an tsoláthair glasraí den soláthar fuinnimh foriomláin* agus *lotnaidicídí a úsáid*[52] maidir le dul chun cinn a mheasúnú i dtreo córas bia inbhuanaithe, nó táscaire maidir le *hiompar a leictriú* maidir le léargas níos leithne

[49] Féach Roinn 5.
[50] COM(2020) 66 final.
[51] Féach Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999.
[52] Togra le haghaidh Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí COM(2022) 305 final: an sprioc chun úsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú 50 % faoi 2030.

ar shoghluaisteacht inbhuanaithe. Táscairí maidir le rialachas comhshaoil lena gcumhdaítear dearbhú comhlíontachta, trédhearcacht, rannpháirtíocht an phobail agus rochtain ar cheartas, níl siad oiriúnach mar tháscairí ceannlíne ach bainfear úsáid astu maidir leis na grinnmheasúnuithe.

## 6. Tuarascálacha ar dhul chun cinn

I gcomhréir leis an gCinneadh maidir leis an 8ú CGC, déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ó EEA agus ECHA, tuarascálacha bliantúla a chur i láthair maidir leis an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí ar bhonn an chreata faireacháin leis na 26 tháscaire ceannlíne a leagtar amach sa Teachtaireacht seo.

Forbróidh EEA an mhodheolaíocht mheasúnaithe i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus cuirfidh sé a chéad mheasúnú bliantúil ar dhul chun cinn i láthair faoi dheireadh 2023. Tuairisceoidh an Coimisiún ar a phríomhthorthaí chun an malartú bliantúil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle a éascú. Anuas ar an tuairisciú agus an malartú bliantúil, déantar foráil freisin sa Chinneadh maidir leis an 8ú CGC maidir le athbhreithniú meántéarma in 2024 agus maidir le meastóireacht in 2029.

Tacóidh an tuairisciú sin leis an gcumarsáid maidir leis an dul chun cinn i dtreo chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais. Bainfear úsáid as mar bhonn chun cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh agus le lucht ceaptha beartas i dtaobh an bhfuil ár ngníomhaíochtaí uaillmhianach go leor chun cabhrú linn fanacht laistigh de theorainneacha pláinéadacha, nó an bhfuil gá le tuilleadh uaillmhéine. Thug an comhairliúchán tús áite do tháscairí is féidir a mhiondealú go leibhéil éagsúla rialachais, rud lena n-éascaítear plé ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, cathrach agus áitiúil.

## 7. Amach romhainn

Éilítear creat faireacháin leis an 8ú CGC atá láidir agus lena gceadaítear solúbthacht áirithe. I gcomhréir leis sin, déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh ar athruithe a mholadh ar na táscairí ceannlíne tar éis athbhreithniú meántéarma 2024 agus mheastóireacht 2029, go háirithe i bhfianaise táscairí nua a bheith ar fáil mar thoradh ar obair atá ar siúl faoi láthair agus ar obair a dhéanfar amach anseo (féach roinn 5).

Leis an 8ú CGC, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún na hidirnaisc idir tacair táscairí ar leibhéal an Aontais atá ann faoi láthair, creata faireacháin agus próisis lena rianaítear dul chun cinn sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil a shoiléiriú tuilleadh agus a chuíchóiriú más gá. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún le huirlis nua[53] lena dtabharfar sonraí le chéile ó bhreis agus 100 innéacs, scórchlár agus deaiseanna agus lenar féidir idirnaisc eatarthu a shainaithint. Ba cheart *deais achoimre 'thar OTI',* a bheadh ann amach anseo chun dul chun cinn an Aontais i dtreo na hinbhuanaitheachta, folláine agus na hathléimneachta a thomhas, a bheith mar thoradh ar an tuarascáil. D'fhéadfadh gné chomhshaoil an 8ú CGC a bheith i gceist lena thacar ceannlíne.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag spreagadh comhleanúnachais idir táscairí ceannlíne an 8ú CGC agus uirlisí faireacháin trasearnálacha eile, amhail an Seimeastar Eorpach agus faireachán ar

---

53 https://composite-indicators.jrc.ec.europa.eu/explorer

spriocanna forbartha inbhuanaithe an Aontais. Chuir an Coimisiún tús freisin le hobair ullmhúcháin i dtreo creat comhtháite maidir leis an bhfolláine, rud a d’fhéadfadh lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas i dtaobh an bhfuil na beartais chomhshaoil uaillmhianach go leor chun an tAontas a choinneáil laistigh de theorainneacha sábháilte agus córa ár bpláinéid.